2026/1750

21.7.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1750 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Iúil 2026

maidir le caighdeáin chomhchuibhithe EN 17476:2021 i ndáil le fearais brú gaile GPL lena gcuimsítear cartús cothrománach san fhonnadh agus EN 497:2022 i ndáil le dóirí fiuchta ilchuspóireacha lena n-úsáid lasmuigh, a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(1), pointe (a), de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gcoiste arna bhunú le hAirteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), measfar go bhfuil fearais agus feistis a monaraíodh i gcomhréir le caighdeán comhchuibhithe ar foilsíodh an tagairt dó in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha arna gcumhdach ag an gcaighdeán sin.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 4789 ón gCoimisiún ([3]), d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (CENELEC) athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin chomhchuibhithe atá ann faoi láthair a dréachtaíodh ar bhonn shainordú um caighdeánú M/BC/CEN/06-89 an 29 Aibreán 1990 chun a áirithiú go leanfaidís de léiriú a thabhairt ar an úrscothacht a nglactar léi i gcoitinne chun na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/426 a chomhlíonadh.

(3) Ar bhonn na hiarrata sin, dhréachtaigh CEN agus CENELEC caighdeáin chomhchuibhithe EN 497:2022 i ndáil le sonraíocht maidir le fearais thiomnaithe gáis peitriliam leachtaithe – Dóirí fiuchta ilchuspóireacha lena n-úsáid lasmuigh – Soithí cócaireachta a bhfuil trastomhas acu ar mó é ná 300 mm agus EN 17476:2021 i ndáil le sonraíochtaí le haghaidh fearais thiomnaithe gás peitriliam leachtaithe – Fearais brú gaile GPL lena gcuimsítear cartús cothrománach san fhonnadh, arna leasú le EN 17476:2021/A1:2022. Níor foilsíodh na tagairtí do na caighdeáin sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(4) An 30 Eanáir 2023, rinne an tSualainn agóid fhoirmiúil i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 i gcoinne chaighdeán comhchuibhithe EN 17476:2021 arna leasú le EN 17476:2021/A1:2022. Luaigh an tSualainn nach gcomhlíonann an caighdeán comhchuibhithe ceanglais fhíor-riachtanacha phointí 1.1, 1.4 agus 3.4.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/426, toisc nach bhfuil aon cheanglas sa chaighdeán lena n-áirithítear go n-oibríonn an fearas gáis go sábháilte nuair a úsáidtear é ag teocht íseal agus nuair a úsáidtear é ar dhromchla ar a bhfuil fána beag. D'áitigh an tSualainn, i gcás fearas gáis atá beartaithe lena úsáid lasmuigh chun críche téimh, go bhfuil an úsáid sin measartha intuartha agus gur cheart í a mheas mar ghnáthúsáid.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le fearais a dhónn breoslaí gásacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/142/CE (IO L 81, 31.3.2016, lch. 99, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/426/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 20 Iúil 2023 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil a mhéid a bhaineann le fearais gháis agus feistis chun tacú le Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(5) An 13 Márta 2023, thíolaic an Ghearmáin agóid fhoirmiúil i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 i gcoinne chaighdeán comhchuibhithe EN 17476:2021 arna leasú le EN 17476:2021/A1:2022. Mhínigh an Ghearmáin nach gcomhlíonann an caighdeán comhchuibhithe ceanglais fhíor-riachtanacha phointí 1.1, 1.2, 1.3a), 1.4, 2 agus 3.2.2. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/426. De réir na Gearmáine, ní sholáthraítear faisnéis leordhóthanach leis an gcaighdeán maidir leis na ceanglais is gá i dtaca le hoibriú gaireas coigeartaithe, is é sin a mhéid a chuireann siad isteach ar an soláthar gáis chun lasracha a mhúchadh, agus dá bhrí sin ní oibríonn na fearais go sábháilte de réir phointe 1.1 den Iarscríbhinn sin. Ina theannta sin, luaigh an Ghearmáin, tar éis na fearais a ghlanadh, go bhféadfadh sé go gcuirfí na páirteanna éagsúla ar ais san áit mhícheart freisin, rud a d'fhágfadh go mbeadh rioscaí breise ann nár tuaradh sa chaighdeán comhchuibhithe sin. Thairis sin, ós rud é nach bhfuil ceanglas sa chaighdeán comhchuibhithe maidir le gaireas maoirseachta lasrach le haghaidh fearais nach téitheoirí iad, d'fhéadfadh rioscaí a theacht chun cinn i gcás sreabhadh gáis gan bhac in éineacht le mífheidhm a bheith le haeráil nuair nach n-úsáidtear na gairis chun na gcríoch atá beartaithe dóibh. Áitíonn an Ghearmáin nach ndéantar aon idirdhealú idir marcálacha inphriontáilte agus marcálacha greamaitheacha, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis an mbaol go ndéanfaí damáiste don mharcáil nó go gcaillfí í, rud a d'fhágfadh nach n-urramófaí pointe 2 den Iarscríbhinn sin. Ar deireadh, áitíonn an Ghearmáin gur cheart an dóire agus an cuasán gáis a chumhdach ionas nach gcruthófar dálaí guaiseacha tar éis an radaíocht teochta is airde is féidir a bhaint amach le linn oibríochta, i ndáil leis an gceanglas fíor-riachtanach i bpointe 1.3.a) den Iarscríbhinn sin.

(6) Phléigh an Coiste um Fhearais na hagóidí foirmiúla a rinne an tSualainn agus an Ghearmáin ag an gcruinniú a bhí aige an 17 Deireadh Fómhair 2025.

(7) Tar éis don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar chaighdeán EN 17476:2021 arna leasú le EN 17476:2021/A1:2022, in éineacht le hionadaithe na mBallstát ón gCoiste um Fhearais, tháinig sé ar an gconclúid nach gcomhlíonann an caighdeán comhchuibhithe na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach i bpointí 1.1, 1.2, 1.3a), 1.4, 2, 3.2.2 agus 3.4.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/426.

(8) An 12 Aibreán 2023, rinne an Ghearmáin agóid fhoirmiúil i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 i gcoinne chaighdeán comhchuibhithe EN 497:2022. Mhínigh an Ghearmáin nach gcomhlíonann an caighdeán comhchuibhithe ceanglais fhíor-riachtanacha phointí 1.1, 1.3, 1.4, 3.2.2 agus 3.2.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/426, toisc nach bhfuil aon cheanglas sa chaighdeán maidir le gaireas maoirseachta lasrach agus, dá bhrí sin, an gás a scaoiltear ag aon staid oibríochta, níl sé teoranta chun carnadh contúirteach gáis neamhdhóite san fhearas a sheachaint. In éagmais gaireas maoirseachta lasrach, d'fhéadfadh sé go leanfadh gás de bheith ag sreabhadh tar éis don lasair múchadh, nó, i gcás ina gcuirfí an gás ar siúl agus ina dtosódh sé ag sreabhadh, cé nach lasfaí an lasair láithreach, d'fhéadfadh carnadh gáis a bheith ann a d'fhéadfadh pléascadh nuair a d'adhnfaí é ina dhiaidh sin, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le dónna.

(9) Phléigh an Coiste um Fhearais an agóid fhoirmiúil a rinne an Ghearmáin ag an gcruinniú a bhí aige an 17 Deireadh Fómhair 2025.

(10) Tar éis don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar chaighdeán comhchuibhithe EN 497:2022, in éineacht le hionadaithe na mBallstát ón gCoiste um Fhearais, tháinig sé ar an gconclúid nach gcomhlíonann an caighdeán comhchuibhithe na ceanglais fhíor-riachtanacha i bpointí 1.1, 1.3, 1.4, 3.2.2 agus 3.2.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/426.

(11) Dá bhrí sin, níor cheart na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 17476:2021 arna leasú le EN 17476:2021/A1:2022, ná EN 497:2022, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, cinneann an Coimisiún gan na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 17476:2021 arna leasú le EN 17476:2021/A1:2022 ná EN 497:2022 a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN